

Eolas do Thuismitheoirí/ Caomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga ar a bhfuil Neamhoird Urlabhra agus Teanga ar Leith

Sa bhileog seo tá sé i gceist eolas a thabhairt do thuismitheoirí is do chaomhnóirí maidir le tacaíochtaí atá ar fáil do leanaí is do dhaoine óga ar a bhfuil neamhoird urlabhra agus teanga ar leith agus dá muintir.



Cad is brí le neamhord urlabhra agus teanga ar leith (SSLD)?

Cé gur thart ar comhaois de ghnáth a thagann leanaí isteach ar theanga a labhairt is a thuiscint, bíonn cuid acu níos moille ná a chéile ó thaobh forbairt teanga agus caidrimh de. Ar an mórgóir bíonn botúin ag leanaí ar dtús agus meascann siad focail agus fuaimeanna. Sin gnáthchuid den bhforbairt teanga a leigheastar go coitianta thart ar trí nó ceithre bliana d'aois.

Uaireanta áfach, maireann na fadhbanna luatha urlabhra agus teanga agus bíonn réimse deacrachtaí ag an leanbh idir urlabhra/teanga agus cumarsáide. Ní hionann cúis leo go léir agus bíonn siad ar bhonn éadrom, trom nó idir eatarthu.

Is neamhoird urlabhra agus teanga ar leith a bhíonn ar leanaí más deacrachtaí áirithe urlabhra agus/nó teanga a bhíonn iontu agus gan aon bhaint acu le cúiseanna eile bunúsacha. Mar shampla, bheadh fadhbanna forbartha teanga ag leanaí atá faoi mhíchumas meabhrach nó atá bodhar nó ar a bhfuil moill éisteachta, ach ní neamhoird urlabhra agus teanga ar leith iad siúd mar tá cúiseanna bunúsacha eile leo. Bíonn gá le tacú lena leithéid de leanaí ach níl SSLD orthu.

Bíonn SSLD ar leanbh a gheobhadh scór ar an meán nó os a chionn i dtrial mheabhair chinn ach é a bheith an-dian air/ uirthi an teanga féin a fhorbairt agus a úsáid.

Bíonn fadhbanna teanga soghabhála ann (deacracht le teanga a thuiscint) nó fadhbanna teanga insinte (deacracht le labhairt nó le cur in iúl). Uaireanta bíonn drogall ar leanaí labhairt nó páirt a ghlacadh i ngrúpa agus dá bhrí sin níl se éasca cairde a dhéanamh agus caidreamh a bhunú le daoine.

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil neamhord urlabhra agus teanga ar an leanbh?

Ní mór do bheirt proifisiúnta an fáithmheas a dhéanamh. Déanann teiripeoir urlabhra agus teanga measúnú ar an gcumas teanga ach is síceolaí a dhéanann scrúdú ar an gcumas ginearálta. Aithneofar SSLD ar an leanbh:

- má bhíonn an scór thart ar an meán nó os a chionn don chumas neamhbhriathartha i dtrial mheabhair chinn

- má bhíonn lagú teanga ag leibhéal meánach nó trom ar thriail caighdeánach teanga
- má chruthaítear nach bhfuil aon chúis eile leis an neamhord teanga.

An Luath-Óige

De ghnáth is í an banaltra sláinte poiblí a dhéanann scrúdú ar leanbh réamhscoile maidir le moill ar fhorbairt teanga.

Má tá tú buartha faoi fhorbairt urlabhra agus teanga an linbh ba chóir cúnamh a lorg chomh luath agus is féidir.

Cuireann a leithéid de dheacrachtaí isteach ar an meas a bhíonn ag an leanbh air/uirthi féin is ar an muinín. Mar sin féin ní mór a mheabhrú go mbíonn leanaí níos aibí ná a chéile maidir le leibhéil fhorbartha teanga.

Sa lá atá inniu ann is minic eolas á lorg ar an idirlíon. Ní mór a mheabhrú, áfach, gur minic áibhéil ansiúd agus eolas a bhíonn míchruinn nó a chuirfeadh an duine amú. Maidir le sláinte agus le hoideachas an linbh, ba chóir dul chuig na foinsí cuí proifisiúnta.

Tacaíocht a fháil

Féadfaidh dochtúir teaghlaigh, banaltra sláinte poiblí nó tuismitheoirí, leanbh a sheoladh chuig seirbhísí céadchúraim urlabhra agus teanga FSS. Tógfar ceann den imní a cuireadh in iúl agus féadfar measúnú a thairiscint ar dtús. Ar an gcuma san aithneofar nádúr agus réimse aon neamhoird urlabhra agus teanga atá ann.

De réir an mheasúnaithe, d'fhéadfaí tús áite a thabhairt do theiripe urlabhra agus teanga don leanbh, más gá.

D'fhéadfaí an leanbh a sheoladh ar aghaidh chuig seirbhísí síceolaíochta pobail chun go ndéanfaí breis scrúduithe.

Measúnú Riachtanais

Faoi Acht Míchumais féadfaidh tuismitheoirí aon leanbh a rugadh tar éis 1 Meitheamh 2002 Measúnú Riachtanais a lorg ó FSS más dóigh leo go bhfuil an leanbh faoi mhíchumas. An measúnú déanta, gheobhaidh siad Tuairisc Mheasúnaithe a mhíneoidh riachtanais an linbh agus na seirbhísí cuí chun freastal orthu. Tá breis eolais faoin Measúnú Riachtanais ar fáil ar an suíomh idirlín FSS www.hse.ie.

Má tá an leanbh ar scoil b'fhéidir go mba mhaith leat d'ímní a chur in iúl don múinteoir nó don bpríomhoide.

D'fhéadfadh an scoil tacú leat nó tú a chur ar do shuaimhneas faoi iompar urlabhra agus teanga do linbh.

Más gá agus muna bhfuil sé déanta cheana féin, mholfadh an scoil an leanbh a sheoladh chuig síceolaí NEPS nó seirbhísí céadchúraim urlabhra agus teanga. Féadfaidh tuismitheoir/caomhnóir nó an scoil dul chuig na seirbhísí urlabhra agus teanga freisin.

Is iontach an chabhair í an teiripe urlabhra agus teanga d'aon leanbh ar a bhfuil neamhord urlabhra agus teanga. Má bhíonn teiripeoir urlabhra agus teanga ag plé le leanbh, féadfaidh sé/sí dul i gcomhairle leis an múinteoir ranga nó tacaíochta chun clár a bheidh oiriunach do riachtanais an linbh a leagan amach. Is maith an rud é aon eolas cuí mar thuairiscí measúnaithe a roinnt leis an scoil, ar an gcuma san cuirfear san áireamh é agus oideachas an linbh á phleanáil.

Oideachas an Linbh

Réamhscolaíocht

Maoiníonn an Stát réamhscolaíocht saor in aisce do gach leanbh incháilithe sa bhliain réamhscoile tríd an gClár Cúram agus Oideachas Luath-Óige (ECCE). Tá breis eolais ar fáil ag www.dcy.gov.ie. Má bhíonn breis riachtanas ag leanaí ar a bhfuil neamhord urlabhra agus teanga ar leith b'fhéidir go mbeidh siad i dteideal freastal ar naíonra nó ar láthair réamhscolaíochta a fhaigheann maoiniú ó FSS.

Aois Scoile

An Roinn Oideachais agus Scileanna: Polasaí

I bpolasaí na Roinne díritear ar a chinntiú gur féidir le gach leanbh, iad siúd ar a bhfuil neamhoird urlabhra agus teanga ar leith san áireamh, teacht ar oideachas a bheidh oiriúnach dá gcuid riachtanas agus buanna féin. Tá sé mar pholasaí againn freastal orthu siúd ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta laistigh de ghnáthscoileanna i dteannta cách ach amháin más léir nach rachadh a leithéid de shocrú chun leas an linbh nó chun leas na leanaí a bheadh ar scoil ina theannta. Do leanaí ag a bhfuil riachtanais eile atá níos casta, tá tacaíocht ar fáil i rang speisialta sa ghnáthscoil. Bíonn rogha ag na leanaí seo, más cuí, bheith in éineacht le daltaí eile agus ag plé leo go páirtaimseartha nó go lánaimseartha. Uaireanta bíonn riachtanais leanaí chomh casta san gur fearrde iad a bheith ag freastal ar scoil speisialta.

Bunscoil agus Iarbhunscoil

Téann formhór na leanaí ar a bhfuil neamhoird urlabhra agus teanga ar leith chuig bunscoil agus meánscoil i dteannta cách, ach tacaíocht a bheith acu. Sa chóras oideachais tá na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga ar a bhfuil neamhoird urlabhra agus teanga ar leith:

- Tacaíonn an múinteoir ranga le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus féadfar ceachtanna nó saothar a oiriúnú don dalta más gá.
- Tugann múinteoir acmhainne nó tacaíocht fhoghlama breis ceachtanna más gá.
- I gcás daltaí a mbíonn cúram suntasach ag teastáil uathu mar gheall ar riachtanais mheasta oideachais speisialta, féadfaidh cúntóir um riachtanais speisialta (SNA) tacú leo. Ní minic tacaíocht SNA de dhíth ar leanaí ar a bhfuil neamhoird urlabhra agus teanga ar leith muna mbíonn deacrachtaí éigin eile acu. Tá míniú ar na cúinsí um dháileadh SNA i gCiorclán 0030/2014, atá ar fáil ar shuíomh idirlín an ROS www.education.ie
- Bíonn leanaí áirithe i dteideal tacaíochtaí breise mar theicneolaíocht chúnta (féach Ciorclán ROS 0010/2013).

- B'fhéidir go mbeidh teacht ar Shocrúithe Réasúnta i Scrúduithe Teastais (RACE). Tá breis eolais ar fáil ar shuíomh idirlín Choimisiúin na Scrúduithe Stáit ag: www.examinations.ie/
- Gheofar eolas faoi scéimeanna ROS ar shuíomh idirlín an ROS ag: www.education.ie.

Féadfaidh daltaí ar a bhfuil SSLD freastal ar rang speisialta go ceann dhá bhliain.

Sna ranganna seo bíonn daltaí agus múinteoirí i gcóimheas íseal agus tugtar teiripe urlabhra agus teanga ar scoil. D'fhéadfaí labhairt le múinteoir nó leis an teiripeoir urlabhra agus teanga nó SENO faoi riachtanais an linbh/an teacht a bheadh ar a leithéid de rang sa cheantar.

Eagraithe Riachtanais Oideachais Speisialta (SENO)

Cuireann SENO seirbhís ar fáil go díreach do thuismitheoirí leanaí/daoine óga ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta agus do scoileanna. Ceadáíonn na SENO teagasc breise agus tacaíochtaí SNA sna scoileanna, de réir gá, chun tacú le daltaí ag a mbíonn riachtanais oideachais speisialta. Lena chois sin bíonn na SENO ag tacú le thuismitheoirí/caomhnóirí agus cuireann siad comhairle orthu.

Féadfaidh an SENO cabhrú leat mar a leanas:

- Tugtar tacaíocht agus comhairle.
- Aithnítear socrúchán oiriúnach scoile don leanbh.
- Déantar teagmháil leis an scoil, le FSS agus le seirbhísí eile.
- Tugtar cúnamh maidir le trasnú an linbh chun scoile, idir scoileanna agus ar aghaidh arís nuair atá an leanbh réidh le scolaíocht.

Is féidir teacht ar an SENO áitiúil tríd an scoil nó ar shuíomh idirlín an NCSE ag www.ncse.ie.

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Oibríonn síceolaithe NEPS le thuismitheoirí, múinteoirí agus leanaí chun mianach an linbh a fhorbairt go hiomlán.

Tá bileog eolais do thuismitheoirí faoin tseirbhís NEPS ar fáil ar an suíomh idirlín atá ach ag: www.education.ie/en/Parents/Information/Educational-Psychological-Services.

Eolas breise

Gheobhaidh tuismitheoirí/caomhnóirí breis eolais i bhfoilseacháin NCSE:

- ***Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: Leabhrán Eolais le haghaidh Tuismitheoirí***
- ***Roghnú Scoile: Treoir do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí Leanaí agus Daoine Óga a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu***
- ***Eolas ar Oideachas agus Oiliúint Iar-Scoile maidir le Roghanna do Dhaoine Fásta agus Fágálaigh Scoile faoi Mhíchumas***

Iad san go léir ag www.ncse.ie.

Liosta Teagmhála

Is féidir teacht ar an **SENO** áitiúil tríd an scoil nó ag www.ncse.ie.

An Roinn Oideachais agus Scileanna: www.education.ie.

An tIonad Sláinte Áitiúil: www.hse.ie.

D'fhéadfá a bheith i dteideal tacaíochtaí eile agus gheofar an t-eolas cuí ar shuíomh idirlín **Faisnéis do Shaoránaigh** ag: www.citizensinformation.ie nó ó na Ranna Stáit cuí.

Suíomhanna idirlín agus eagraíochtaí tacaíochta eile:

National UK Literacy Trust: www.literacytrust.org.uk.

Irish Association of Speech and Language Therapists: www.iaslt.ie.

I CAN Help: www.ican.org.uk.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (bunscoil): www.npc.ie.

Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (iarbhunscoil): www.npcpp.ie.

Cumann Síceolaithe Éireann: www.psihq.ie.

Special Needs Parents Association: www.specialneedsparents.ie.

Tabhair faoi deara le d'athair gur ar son an eolais atá an liosta seo agus nach liosta iomlán é. Tá gach seans nach raibh aon bhaint ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta leis na heagraíochtaí agus nach féidir leo dul i mbannaí orthu ná ar a gcuid foirne. Ba chóir do thuismitheoirí a bheith lánchinnte i gcónaí maidir le hoiriúnacht eolas ar bith faoin leanbh a thabhairt d'aon tríú páirtí.



An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí.

Teil: 046 948 6400

Líon: www.ncse.ie

R-phost: info@ncse.ie